Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE
# GALWAY COUNTY COUNCIL

MAIDIR LEIS NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS MAIDIR LE hACHT NA dTITHE 1966, MAIDIR LEIS AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2) 1960, MAIDIR LE hACHTANNA NA mBÓITHRE 1993 - 2007 AGUS MAIDIR LEIS AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 2001.

FOIRM AN FHÓGRA MAIDIR LE COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE DO DHAINGNIÚ ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH ARNA DHÉANAMH FAOI ALT 76 D'ACHT NA dTITHE 1966, AGUS FAOIN TRÍÚ SCEIDEAL A GHABHANN LEIS AN ACHT SIN, ARNA LEATHNÚ LE hALT 10 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL (UIMH. 2) 1960, MAIDIR LEIS AN TALAMH AR FAD, NÓ MAIDIR LE CUID DEN TALAMH, LENA mBAINEANN AN tORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH, AR FÓGRA É ATÁ LE FOILSIÚ DE RÉIR ALT 78(1) D'ACHT NA dTITHE 1966, ARNA LEASÚ LEIS NA hACHTANNA UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (ARNA LEASÚ).

## TALAMH A FHÁIL GO hÉIGEANTACH

### SCÉIM ATHAILÍNITHE N17 - BAILE AN MHUILINN GO GORT NA GONAIDE
### ORDÚ CEANNAIGH ÉIGEANTAIGH UIMH. 2, 2021 (Bonneagar & Oibríochtaí)

Rinne **Comhairle Chontae na Gaillimhe** Ordú Daingniúcháin ar an 28ú lá d'Aibreán 2022, ar Ordú é lena ndaingnítear an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh thuasainmnithe maidir leis an talamh a thuairiscítear i Sceideal 1, cuid 1 & cuid 2, ar tailte iad de chuid bhailte fearainn Bhaile an Mhuilinn, an Chartúin, Ghort na Lobhra, Chluain na Croise, an Droma, Churrach an Doire agus Uachtar Ard i gContae na Gaillimhe. Leis an ordú sin, arna dhaingniú amhlaidh, údaraítear do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an talamh sin a fháil go héigeantach. Féadfar breathnú ar chóip den ordú, agus den léarscáil dá dtagraítear san ordú, idir 9.00am agus 4.00pm ó Luan go hAoine sna háiteanna seo a leanas:

**Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh,**
**Oifig Thionscadal Bóithre na Gaillimhe, Corporate House, Baile an Bhriotaigh, Gaillimh,**
**https://galway.ie/en/services/roads/roadsprojects/milltown/**

Leis an Ordú, údaraítear do Chomhairle Chontae na Gaillimhe freisin na cearta slí poiblí & agus na cearta slí príobháideacha, a thuairiscítear i Sceideal 3, cuid 1 & cuid 2, a mhúchadh le hordú arna dhéanamh acu tar éis dóibh an talamh a fháil i gcás ina dtéann an ceart slí poiblí & an ceart slí príobháideach sin thar an talamh a fhaightear amhlaidh nó thar aon chuid den talamh sin, nó thar an talamh atá tadhlach nó bainteach leis an talamh a fhaightear amhlaidh nó thar aon chuid den talamh sin.

Tiocfaidh an tOrdú, arna dhaingniú amhlaidh, i ngníomh ag deireadh trí seachtaine tar éis dháta foilsithe an fhógra seo, ach má dhéantar iarratas go cuí ar athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) chuig an Ard-Chúirt laistigh d'ocht seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo de réir Alt 50 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), féadfaidh an Chúirt -

(a) Le hordú eatramhach, oibriú an Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh, arna dhaingniú amhlaidh, a fhionraí i gcoitinne nó a mhéid amháin a dhéanann sé difear d'aon mhaoin de chuid an iarratasóra agus sin a dhéanamh go dtí go ndéantar na himeachtaí a chinneadh go críochnaitheach.

(b) Más deimhin léi, tar éis an t-iarratas a éisteacht, nach dtagann an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh, arna dhaingniú amhlaidh, faoi réim chumhachtaí Acht na dTithe 1966, arna leathnú le hAlt 10 den Acht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2) 1960 (arna ionadú le hAlt 86 d'Acht na dTithe 1966)(arna leasú) nó go bhfuil dochar substaintiúil déanta do leasanna an iarratasóra ó tharla nár comhlíonadh aon cheanglas ar leith de chuid Acht na dTithe 1966, arna leathnú agus arna leasú amhlaidh, an tOrdú arna dhaingniú amhlaidh a chur ar neamhní i gcoitinne nó a mhéid amháin a dhéanann sé difear d'aon mhaoin de chuid an iarratasóra.

(c)

Chomhlíon Comhairle Chontae na Gaillimhe alt 177AE den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) le linn ceadú An Bhoird Pleanála a lorg. Ní bhfuarthas an ceadú sin go dtí seo.

Arna dhátú an 28ú lá seo d'Aibreán 2022.

Arna shíniú ag Jean Brann, Rúnaí Contae.